# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/612 ÓN gCOIMISIÚN

**an 17 Márta 2023**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 307/2012 a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta áirithe maidir le measúnú an Aontais ar shábháilteacht substainte nó grúpa substaintí atá faoi ghrinnscrúdú**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bianna ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 comhchuibhítear na rialacha náisiúnta sna Ballstáit maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bianna.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 307/2012 ([2]) ón gCoimisiún, leagtar síos, go háirithe, rialacha cur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 8(4) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 a bhaineann leis an measúnú sábháilteachta a rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") ar na substaintí atá faoi ghrinnscrúdú agus a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis.

(3) Maidir le substaint áirithe faoi ghrinnscrúdú atá ar an liosta i gCuid C d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006, chun sábháilteacht na substainte sin a léiriú, féadfaidh oibreoirí gnólachtaí bia agus páirtithe leasmhara eile comhad ina bhfuil sonraí eolaíochta le haghaidh meastóireachta a chur faoi bhráid an Údaráis laistigh de 24 mhí ó theacht i bhfeidhm cinnidh ina liostaítear an tsubstaint i gCuid C den Iarscríbhinn sin.

(4) Faoi Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) Uimh. 307/2012, tabharfaidh an tÚdarás an tuairim uaidh ar na comhaid a cuireadh isteach laistigh de 9 mí ón dáta a gheofar comhad bailí. I gcás ina gcuirtear níos mó ná comhad amháin isteach le haghaidh meastóireacht ar an tsubstaint chéanna nó ar an ngrúpa céanna substaintí, agus ós rud é go ndéantar measúnú ar gach comhad go neamhspleách ar na comhaid eile, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an tÚdarás in ann na sonraí sábháilteachta a chuirtear isteach le haghaidh measúnú ar an tsubstaint nó ar an ngrúpa substaintí sin atá curtha faoi ghrinnscrúdú a mheas ina n-iomláine. Dá bhrí sin, mar thoradh ar an measúnú aonair ar gach comhad, d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt tuairimí neamhiomlána ann a d'fhéadfadh a bheith neamhréireach freisin maidir leis an tsubstaint chéanna nó an grúpa céanna substaintí. I bhfianaise an mhéid thuas, is gá Rialachán (AE) Uimh. 307/2012 a leasú, chun go mbeidh an tÚdarás in ann an measúnú riosca ar shubstaint nó ar ghrúpa substaintí a liostaítear i gCuid C d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 a thionscnamh, measúnú riosca nach gcuirfear tús leis ach ag deireadh na tréimhse 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh ina liostaítear an tsubstaint nó an grúpa substaintí sin i gCuid C den Iarscríbhinn sin agus tuairim amháin a eisiúint ar chomhaid a chuirtear isteach maidir leis an tsubstaint chéanna nó an grúpa céanna substaintí.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 307/2012 a leasú dá réir.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 404, 30.12.2006, lch. 26.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 307/2012 ón gCoimisiún an 11 Aibreán 2012 lena mbunaítear rialacha le haghaidh cur i bhfeidhm Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bianna (IO L 102, 12.4.2012, lch. 2).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 307/2012**

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 307/2012:

"*Airteagal 6*

**Tuairim ón Údarás**

1. Déanfaidh an tÚdarás measúnú ar bhailíocht gach comhaid a chuirfear isteach faoi Airteagal 5 den Rialachán seo laistigh de 30 lá tar éis é a fháil.

2. Tabharfaidh an tÚdarás an tuairim uaidh ar na comhaid a mheasann sé a bheith bailí faoi Airteagal 5 den Rialachán seo laistigh de naoi mí ó dheireadh na tréimhse 24 mhí dá dtagraítear in Airteagal 5(2) den Rialachán sin.

3. I gcás ina gcuirtear níos mó ná comhad amháin isteach i ndáil leis an tsubstaint chéanna nó an grúpa céanna substaintí i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán sin, eiseoidh an tÚdarás tuairim amháin maidir leis na comhaid sin.

4. Féadfaidh an tÚdarás a iarraidh ar an oibreoir gnólacht bia nó ar an bpáirtí leasmhar faisnéis bhreise a chur lena chomhad laistigh de 15 lá ón dáta a gheofar an iarraidh ón Údarás.

I gcás ina n-iarrann an tÚdarás faisnéis bhreise, lena n-áirítear faisnéis maidir le coinníollacha úsáide na substainte i mbia nó i gcatagóir bianna agus cuspóir na húsáide sin, féadfaidh sé síneadh a chur leis an teorainn ama dá dtagraítear i mír 2.

Féadfar síneadh suas le trí mhí a chur leis an teorainn ama aon uair amháin. Áireofar sa teorainn ama sin an t-am a leagtar amach sa chéad fhomhír don oibreoir gnólacht bia nó d'aon pháirtí leasmhar chun an fhaisnéis arna hiarraidh a sholáthar.

5. I gcás ina gcuireann an tÚdarás síneadh leis an teorainn ama i gcomhréir le mír 4, cuirfidh sé an méid sin in iúl do gach oibreoir gnólacht bia nó páirtí leasmhar a chuir isteach an comhad maidir leis an tsubstaint chéanna nó an grúpa céanna substaintí agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi.

Cuirfidh an tÚdarás an fhaisnéis bhreise arna soláthar i gcomhréir le mír 4 ar fáil don Choimisiún agus do na Ballstáit."

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN